Páipéar samplach 4
Trialscrúdú an Teastas Shóisirigh 2010
Gaeilge: Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal
Trial chluastuisceana

Tá trí chuid sa triail seo: tá Cuid A, Cuid B agus Cuid C.

Cuid A

Léigh anois go cúramach ar do scrúdpháipéar na treoracha agus na ceisteanna a ghabhann le Cuid A.

An chéad chainteoir

Treasa Ní Ghealbháin anseo in Uachtar Ard, Contae na Gaillimhe. Níl mé ro-shona faoi láthair. Bhí post páirt-aimseartha agam gach Satharn i siopa gruagaire i Gaillimh. Fuair mé €50 gach Satharn a d'oibrigh mé, ach tá an post sin caillte agam. Dúnadh an siopa gruagaire an tseachtain seo caite. Anois, níl aon airgead agam agus ní féidir liom dul amach le mo chairde. Chaill m'athair a phost mar innealltóir le Comhairle Chontae na Gaillimhe roimh Nollaig. Buíochas le Dia go bhfuil post fós ag mo mháthair. Is banaltra í.

An dara cainteoir

Goidé mar atá sibh? Marcus Ó Braonáin anseo as na Cealla Beaga i dTír Chonaill. Is iascaire é m'athair agus tá a bhád féin aige. 'Faoileán na Mara' an t-ainm atá air. Bíonn sé ag obair ó dhubh go dubh agus ní fheicimid é ach ar an Domhnach amháin. Saol crua gan aon agó. Tá suim mhór agam sa taisteal agus tá sé i gceist agam cuairt a thabhairt ar m'uncail san Astráil an samhradh seo chugainn. Tá cónaí air i Sydney agus is féidir Trá Bondi a fheiceáil ó dhoras a thí. Wow!

Cuid B

Léigh anois go cúramach ar do scrúdpháipéar na treoracha agus na ceisteanna a ghabhann le Cuid B.

Fógra

Tá na Gardaí ag fiosrú eachtra a tharla i dTrá Lí aréir. Bhí beirt chailín as ceantar na gCluainte sa bhaile ag teacht abhaile ón bpictiúrlann nuair a ionsaíodh iad agus goideadh a málaí láimhe agus a bhfóin phóca. Bhí suim mhaith airgid ag cailín amháin ina mála agus bhí an cailín eile tar éis bronntanas de fhón póca nua a fháil dá breithlá. Cé nár gortaíodh na cailíní go dona, baineadh geit uafásach astu. Tá na Gardaí ag lorg eolais faoi cheathrar buachaillí a bhí sa cheantar ag an am ar tharla an eachtra gránna seo.

Píosa nuachta

Beidh an file Gabriel Rosenstock ag léamh a chuid filíochta in Árus na nGael, Sráid Dominic, Gaillimh oíche Dé hAoine seo chugainn ag a hocht a chlog. Tá clú agus cáil ar Rosenstock mar fhile agus mar scríbhneoir do pháistí. Tá breis agus céad leabhar Gaeilge i gcló aige faoin am seo.

Cuid C

Léigh anois go cúramach ar do scrúdpháipéar na treoracha agus na ceisteanna a ghabhann le Cuid C.

Comhrá a haon

Seán: Dia duit, a Eibhlín. Ní fhaca mé le fada tú.

Eibhlín: Ní haon ionadh é sin, a Sheáin. Bhí mé ar mo laethanta saoire le coicís anuas.

Seán: An mar sin é? Cá raibh tú?

Eibhlín: Bhí mé sa Rúis. Chuaigh mé ann le m'aintín Nóra. Tá post aici i Moscow. Tá sí ag obair in Ambasáid na hÉireann ann.

SOS

Seán: Agus conas mar a thaitin Moscow leat?

Eibhlín: Thaitin sé go mór liom. Tá teach mór ag m'aintín Nóra istigh sa chathair. Tá dhá mhadra aici agus thug mise aire dóibh gach lá nuair a bhí sí ag obair. Gach oíche chuamar amach le haghaidh béile go dtí bialann ghalánta.

Seán: Agus conas a bhí an aimsir?

Eibhlín: Bhí sé ag cur sneachta 'chuile lá, nach mór. Ba chuma liomsa faoi sin mar go dtaitníonn an sneachta liom. Oíche amháin chuaigh muid go dtí Amharclann an Bolshoi chun féachaint ar an mbailé. Ó, bhí sé ar fheabhas ar fad! Ba bhreá liom cónaí i Moscow.

Comhrá a dó

Aoife: Dia duit, a Mhíchíl. Inis dom anois, cá bhfuil tú ag dul anocht?

Micheál: Táim ag dul chuig ceolchoirm san O2 le mo chairde. Tá sceitimíní áthais orm, a Aoife. Tá mé ag tnúth leis an oíche seo le fada. Fuair mé an ticéad don cheolchoirm ó mo thuismitheoirí mar bhronntanas Nollag. Sin sé mhí ó shin, creid é nó ná creid! Mar is eol duit go maith, is aoibhinn liom an grúpa ceoil Kings of Leon mar ceapaim gur b'iad an grúpa ceoil is fearr ar domhan. Nach bhfuil an t-amhrán 'Use Somebody' ar fheabhas ar fad, a Aoife?

SOS

Aoife: *Oops*, tá droch-scéala agam duit, a Mhíchíl.

Micheál: Droch-scéala? Cén droch-scéala é sin, a Aoife?

Aoife: Chuala mé ar an nuacht leathuair a chloig ó shin go bhfuil ceolchoirm Kings of Leon curtha ar ceal. Ní bheidh siad san O2 anocht.

Micheál: Cathain a bheidh siad ann mar sin?

Aoife: Níl tuairim agam. Ní bheidh siad ann anocht, ná amárach, ná an mhí seo chugainn – *oops*!